

# Tuairiscí chun dáta ar an gcuraclam a roinnt le tuismitheoirí (Breith-3 bliana d'aois)

Nuair a thugtar tuairiscí chun dáta do thuismitheoirí ar chuid suimeanna agus eispéireas a leanáí sa suíomh, spreagtar iad chun a bheith gníomhach ina gcuid forbartha agus foghlama. Cuireann a leithéid de thuairiscí ar chumas tuismitheoirí cur leis an gcuraclam chomh maith. Cabhróidh *Teimpléad Tuairiscí chun Dáta ar an gCuraclam* (l. 3) leat chun eolas ar an gcuraclam a roinnt le tuismitheoirí.

## Úsáid a bhaint as an teimpléad

Is bealach iontach é clár fógraí a chur lasmuigh de do sheomra leis an eolas is déanaí ar an gcuraclam a roinnt le tuismitheoirí. Is féidir an teimpléad sin a úsáid le tuairiscí chun dáta ar an gcuraclam a chruthú le cur ar taispeáint ar an gclár fógraí, mar aon le grianghraif agus líníochtaí.

**1. Túsphointe:** Úsáid an bosca seo le fiosrúchán nó suim a nochtadh a bhreacadh síos **go hachomair**. Tá sampla ann ar leathanach 2.

**2. An chéad rud eile a rinneamar:** Úsáid an bosca seo le smaointe a bhreacadh síos go sciobtha maidir leis an gcaoi a **bhféadfadh** an tsuim sin teacht chun cinn, bunaithe ar bhreathnóireachtaí nó comhráite, an t-eolas atá agat ar leanaí, agus suimeanna eile a bhí acu. Cuirtear leis an tuairisc chun dáta de réir mar a fhasann an tsuim. Breac síos an lá nó an dáta a gcuirtear rudaí nua leis an teimpléad.

**3. Acmhainní:** Úsáid an bosca seo le haon iarratais ar ábhair ón mbaile a bhreacadh síos, agus arís, breac síos an lá nó an dáta freisin.

**4. Tuairiscí chun dáta ar ar tharla agus ar ar féidir linn a dhéanamh anois:** Úsáid an bosca seo le tuismitheoirí a choinneáil ar an eolas faoi 'scéal' an fhiosrúcháin.

**5. Tuairimí Tuismitheoirí:** Féadann tuismitheoirí a dtuairimí a thaifead sa bhosca seo.

Nuair a bheidh sé críochnaithe, d'fhéadfaí an tuairisc chun dáta ar an gcuraclam a chur leis an Dialann GrúpFhoghlama, más maith leat, lena léiriú cén chaoi ar tháinig an tsuim chun cinn agus cén chaoi ar fhreagair na cleachtóirí dí d'fhonn foghlaim agus forbairt na leanaí a leathnú. D'fhéadfaí líníochtaí agus grianghraif de chuid na leanaí agus nótaí de chuid na gcleachtóirí a chur leis an dialann. D'fhéadfaí tuismitheoirí a spreagadh chun breathnú ar an dialann agus an tuairisc chun dáta a nascadh le téamaí de chuid *Aistear*.

## Grúpa

Lapadáin (15 mhí go 3 bliana d'aois)

## Dáta

LL/MM/BB 20/10/2014

### 1. An túsphointe (cur síos ar an rud a spreag an tsuim nó grianghraf de)

Dé Luain: Nuair a bhíomar amuigh faoin aer, chuir Matthew (18 mí d'aois) suntas sna héin a bhí ag gíoglach ar chábla os ár gcionn. Nuair a dhírigh sé a mhéar orthu agus a dúirt *Eínín*, thug na leanaí eile faoi deara freisin agus thosaigh ag breathnú orthu.

### 2. An chéad rud eile a rinneamar

Dé Luain: Ar theacht isteach tar éis dúinn bheith ag súgradh lasmuigh thógamar amach leabhar a bhain le héin agus labhraíomar faoi na héin a bheathú.

*Dé Céadaoin: Tháinig athair Monika ar nead sa tseid agus d'inis dúinn faoi. Bhí iontas an domhain ar na leanaí.*

### 3. Acmhainní

Dé Luain: An bhfuil gloiní ag aon duine? Feicimid céard a cheapann na leanaí fúthu.

Aon leabhair nó grianghraif a bhfuil éin iontu? Na leabhair is fearr leo a bhaineann le héin?

*Dé Céadaoin: Bhreathnaíomar ar uibheacha á ngoradh ar láithreán gréasáin. Aon seans go bhféadfaimis breathnú ar éin ag teacht amach i ndáiríre? B'fhéidir gurb é seo an t-am mícheart den bhliain?*

### 4. Tuairiscí chun dáta ar ar tharla agus ar ar féidir linn a dhéanamh anois

Dé Máirt: A bhuíochas d'Ian, athair Monika, as an nead a thabhairt isteach. Dé Céadaoin: Thángamar ar ghrianghraif de chineálacha éagsúla neadacha ar an Idirlíon tar éis d'athair Monika an nead ar tháinig sé uirthi a thabhairt isteach. B'aoibhinn le Matthew, Monika, agus Daniel iad. Bhí gach duine antógtha leis an leabhar *Ulchabháin Óga* ag am scéalaíochta inniu. Go raibh maith agat, a Rachel!

Déardaoin: D'inis mamaí Rian dúinn faoi aip ar chuala sí fúithi a chuirfeadh ar ár gcumas ceiliúir éagsúla a chloisteáil. D'éisteamar leo agus ba bhreá leis na leanaí iad. Gheobhaimid amach ainmneacha na n-éan éagsúil agus gheobhaimid grianghraif díobh le taispeáint do na leanaí.

Dé hAoine: Breathnaigh ar na pictiúir d'éin a rinne na leanaí. Is breá liom gur úsáid roinnt acu cleití bándearga agus buí ón mbosca ealaíne agus gur úsáid leanaí eile an chailc.

### 5. Tuairimí tuismitheoirí

Labhair Rachel faoi *nead éiníní* ar feadh an tráthnóna. Fuaireamar *Ulchabháin Óga* ón leabharlann agus sílim go mbeidh orainn cóip a cheannach, tá sí chomh tógtha sin leis!

Tharraing Daniel pictiúir den éan a chonaic Matthew agus thug sé *Éan Mhaití* air.

Grúpa

Dáta

LL/MM/BB

**1. Túsphointe** (cur síos ar an rud a spreag an tsuim nó grianghraf de)

**2. An chéad rud eile a rinneamar**

**3. Acmhainní**

**4. Tuairiscí chun dáta ar ar tharla agus ar ar féidir linn a dhéanamh anois**

**5. Tuairimí tuismitheoirí**